RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2025/295 ÓN gCOIMISIÚN

an 24 Deireadh Fómhair 2024

lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2022/2554 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála maidir le coinníollacha lena gcumasaítear stiúradh na ngníomhaíochtaí formhaoirseachta a chomhchuibhiú

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2022/2554 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le hathléimneacht dhigiteach oibríochtúil don earnáil airgeadais agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1060/2009, (AE) Uimh. 648/2012, (AE) Uimh. 600/2014, (AE) Uimh. 909/2014 agus (AE) 2016/1011 ([1]), agus go háirithe Airteagal 41(2), an tríú fomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leis an gcreat maidir le hathléimneacht dhigiteach oibríochtúil don earnáil airgeadais a bhunaítear le Rialachán (AE) 2022/2554, tugtar isteach creat formhaoirseachta de chuid an Aontais le haghaidh soláthraithe seirbhísí tríú páirtí teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC) don earnáil airgeadais a ainmnítear mar sholáthraí criticiúil i gcomhréir le hAirteagal 31 den Rialachán sin.

(2) Ba cheart do sholáthraí seirbhísí TFC tríú páirtí a chinneann iarraidh dheonach a chur isteach le bheith ainmnithe mar sholáthraí criticiúil an fhaisnéis uile is gá a sholáthar don Údarás Maoirseachta Eorpach (ÚME) is faighteoir chun a chriticiúlacht a léiriú de réir na bprionsabal agus na gcritéar a leagtar amach i Rialachán (AE) 2022/2554. Ar an gcúis sin, ba cheart an fhaisnéis atá le háireamh san iarratas ar iarraidh dheonach a bheith mionsonraithe agus iomlán go leor chun gur féidir measúnú soiléir agus iomlán a dhéanamh ar chriticiúlacht faoi Airteagal 31(11) den Rialachán sin. Ba cheart do ÚME ábhartha aon iarratas neamhiomlán a dhiúltú agus an fhaisnéis atá in easnamh a iarraidh.

(3) Ba cheart sainaithint dhlíthiúil soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí a thagann faoi raon feidhme an Chaighdeáin Theicniúil Rialála sin a ailíniú leis an gcód aitheantais a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún arna ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 28(9) ó Rialachán (AE) 2022/2554.

(4) Mar obair leantach ar na moltaí arna n-eisiúint ag an bPríomh-Fhormhaoirseoir chuig soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúla, ba cheart don Phríomh-Fhormhaoirseoir faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na moltaí ag soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúla. D'fhonn faireachán éifeachtúil agus éifeachtach a áirithiú ar na gníomhaíochtaí a rinne na soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúla nó ar na réitigh a chuir siad chun feidhme i ndáil leis na moltaí sin, ba cheart don Phríomh-Fhormhaoirseoir a bheith in ann na tuarascálacha dá dtagraítear in Airteagal 35(1), pointe (c), de Rialachán (AE) 2022/2554 a éileamh, tuarascálacha ar dhul chun cinn eatramhacha agus tuarascálacha críochnaitheacha.

(5) Chun críoch an mheasúnaithe a shonraítear in Airteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2022/2554, ar dá réir a bhfuil sé d'oibleagáid ar an bPríomh-Fhormhaoirseoir meastóireacht a dhéanamh i dtaobh an leor an míniú a thugann soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil, agus maidir leis an bhfógra ón soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil chuig an bPríomh-Fhormhaoirseoir ina insítear go bhfuil sé ar intinn aige na moltaí a fhaightear a leanúint, ba cheart é a chomhlánú le tuairisc ar na gníomhaíochtaí agus ar na bearta a rinneadh chun na rioscaí a leagtar amach sna moltaí a mhaolú, mar aon lena spriocdhátaí faoi seach. Ba cheart an míniú sin a bheith i bhfoirm plean feabhsúcháin.

(6) Ós rud é go bhfuiltear ag súil go ndéanfaidh an Príomh-Fhormhaoirseoir measúnú ar shocruithe fochonraitheoireachta an tsoláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí chriticiúil, is gá teimpléad a fhorbairt chun faisnéis maidir leis na socruithe sin a sholáthar. Ba cheart a chur san áireamh sa teimpléad go bhfuil struchtúir ag na soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúla nach ionann agus na struchtúir atá ag eintitis airgeadais.

([1]) IO L 333, 27.12.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/2554/oj.

(7) A luaithe a eiseoidh an Príomh-Fhormhaoirseoir na moltaí do sholáthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil, agus a luaithe a chuirfidh na húdaráis inniúla na heintitis airgeadais ábhartha ar an eolas faoi na rioscaí a shainaithnítear sna moltaí sin, ba cheart don Phríomh-Fhormhaoirseoir faireachán agus measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme na ngníomhaíochtaí agus na réitigh chun na moltaí a chomhlíonadh ag an soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil. Ba cheart do na húdaráis inniúla faireachán agus measúnú a dhéanamh ar a mhéid atá na heintitis airgeadais neamhchosanta ar na rioscaí a shainaithnítear sna moltaí sin. D'fhonn cothrom iomaíochta a choinneáil ar bun agus a gcúraimí faoi seach á ndéanamh acu, go háirithe nuair a bhíonn na rioscaí a shainaithnítear sna moltaí dian agus comhroinnte i measc líon mór eintiteas airgeadais i roinnt Ballstát, ba cheart do na húdaráis inniúla agus don Phríomh-Fhormhaoirseoir araon aon toradh ábhartha atá riachtanach dóibh chun a gcúraimí faoi seach a dhéanamh a chomhroinnt le chéile. Is é is cuspóir don chomhroinnt faisnéise a áirithiú go gcuirfear san áireamh an tionchar ar rioscaí na n-eintiteas airgeadais san aiseolas ón bPríomh-Fhormhaoirseoir chuig an soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil i ndáil leis na gníomhaíochtaí agus na leigheasanna atá á gcur chun feidhme ag an soláthraí sin, agus go mbeidh na gníomhaíochtaí maoirseachta a dhéanann na húdaráis inniúla bunaithe ar an measúnú a dhéanann an Príomh-Fhormhaoirseoir.

(8) Chun go mbeifear in ann faisnéis a chomhroinnt go héifeachtúil agus go héifeachtach, ba cheart do na húdaráis inniúla measúnú a dhéanamh, mar chuid dá ngníomhaíochtaí maoirseachta, ar a mhéid atá na heintitis airgeadais a ndéanann siad maoirseacht orthu neamhchosanta ar na rioscaí a shainaithnítear sna moltaí. Ba cheart an measúnú sin a dhéanamh ar bhealach comhréireach agus rioscabhunaithe. Ba cheart don Phríomh-Fhormhaoirseoir iarraidh ar na húdaráis inniúla torthaí an mheasúnaithe sin a roinnt sna cásanna sonracha ina bhfuil na rioscaí a bhaineann leis na moltaí dian agus comhroinnte i measc líon mór eintiteas airgeadais i roinnt Ballstát. Chun an úsáid is fearr a bhaint as acmhainní na n-údarás inniúil, agus é ag iarraidh torthaí an mheasúnaithe sin a sholáthar, ba cheart don Phríomh-Fhormhaoirseoir a chur san áireamh i gcónaí gurb é cuspóir na n-iarrataí sin meastóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme ghníomhaíochtaí agus réitigh na soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúla.

(9) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) agus thug sé tuairim uaidh an 22 Iúil 2024.

(10) Tá an Rialachán sin bunaithe ar na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála arna gcur faoi bhráid an Choimisiúin ag na ÚMEnna.

(11) Rinne Comhchoiste ÚMEnna comhairliúcháin phoiblí oscailte maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ar a bhfuil an Rialachán sin bunaithe, rinne sé anailís ar na costais agus ar na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo ann agus d'iarr sé comhairle ar an nGrúpa Geallsealbhóirí Baincéireachta arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), ar an nGrúpa Geallsealbhóirí Árachais agus Athárachais agus ar an nGrúpa Geallsealbhóirí Pinsean Ceirde arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]), agus ar an nGrúpa Geallsealbhóirí um Urrúis agus Margaí arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]),

([2]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/1093/oj).

([4]) Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/79/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 48, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/1094/oj).

([5]) Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/1095/oj).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SIN A GHLACADH:

Airteagal 1

Faisnéis atá le soláthar ag soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí san iarratas ar ainmniú mar sholáthraí criticiúil

1. Cuirfidh an soláthraí seirbhísí tríú páirtí teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC) an fhaisnéis seo a leanas isteach san iarratas réasúnaithe ar iarraidh dheonach faoi Airteagal 31(11) de Rialachán (AE) 2022/2554 lena hainmniú mar sholáthraí criticiúil de bhun Airteagal 31(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2022/2554:

(a) ainm an eintitis dhlítheanaigh;

(b) cód aitheantais an eintitis dhlítheanaigh;

(c) ainm an teagmhálaí agus sonraí teagmhála an tsoláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí chriticiúil;

(d) tír ina bhfuil oifig chláraithe an eintitis dhlítheanaigh;

(e) tuairisc ar an struchtúr corparáideach lena n-áirítear ar a laghad faisnéis faoina mháthairchuideachta agus faoi ghnóthais ghaolmhara eile a sholáthraíonn seirbhísí TFC d'eintitis airgeadais de chuid an Aontais. Áireofar san fhaisnéis sin, i gcás inarb infheidhme,

  (i) ainm na n-eintiteas dlítheanach;

  (ii) cód aitheantais an eintitis dhlítheanaigh;

  (iii) tír ina bhfuil oifig chláraithe an eintitis dhlítheanaigh;

(f) measachán ar an sciar den mhargadh atá ag an soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí in earnáil airgeadais an Aontais agus measachán ar an sciar den mhargadh de réir chineál an eintitis airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 2(1) de Rialachán (AE) 2022/2554 ón mbliain a cuireadh isteach an t-iarratas ar ainmniú mar sholáthraí criticiúil agus ón mbliain roimh an iarratas sin;

(g) tuairisc ar gach seirbhís TFC a sholáthraítear d'eintitis airgeadais an Aontais lena n-áirítear:

  (i) tuairisc ar chineál an ghnó agus ar chineál na seirbhísí TFC a sholáthraítear d'eintitis airgeadais;

  (ii) liosta d'fheidhmeanna na n-eintiteas airgeadais a fhaigheann tacaíocht ó na seirbhísí TFC a sholáthraítear, i gcás ina mbeidh fáil orthu;

  (iii) faisnéis maidir le cé acu a thacaíonn nó nach dtacaíonn na seirbhísí TFC a sholáthraítear d'eintitis airgeadais le feidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha, i gcás ina mbeidh fáil orthu;

(h) liosta d'eintitis airgeadais a bhaineann úsáid as na seirbhísí TFC arna soláthar ag an soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí, lena n-áirítear an fhaisnéis seo a leanas le haghaidh gach ceann den eintiteas airgeadais a ndéantar seirbhísiú air, i gcás ina mbeidh fáil uirthi:

  (i) ainm an eintitis dhlítheanaigh;

  (ii) cód aitheantais an eintitis dhlítheanaigh, i gcás inarb eol don soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí é;

  (iii) an cineál eintitis airgeadais mar a shonraítear in Airteagal 2(1) de Rialachán (AE) 2022/2554;

  (iv) an suíomh geografach óna soláthraítear na seirbhísí TFC don eintiteas dlíthiúil sonrach sin;

(i) liosta de na soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúla a áirítear sa liosta is déanaí atá ar fáil de na soláthraithe sin arna fhoilsiú ag ÚMEnna de bhun Airteagal 31(9) de Rialachán (AE) 2022/2554 a bhraitheann ar na seirbhísí arna soláthar ag an iarratasóir i gcás ina mbeidh fáil orthu;

(j) féinmheasúnú maidir leis an méid seo a leanas:

  (i) méid inionadaitheachta gach seirbhíse TFC arna soláthar ag an iarratasóir agus an méid seo a leanas á chur san áireamh:

    — an sciar den mhargadh atá ag an soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí in earnáil airgeadais an Aontais;

— an líon iomaitheoirí ábhartha aitheanta in aghaidh an chineáil seirbhísí TFC, nó an ghrúpa seirbhísí TFC;

— tuairisc ar shainiúlachtaí a bhaineann leis na seirbhísí TFC arna dtairiscint, lena n-áirítear i ndáil le haon teicneolaíocht dhílsithe, nó na gnéithe sonracha d'eagraíocht nó de ghníomhaíocht an tsoláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí;

(ii) eolas faoi infhaighteacht na soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí malartacha, chun na seirbhísí TFC céanna a sholáthar agus a sholáthraíonn an soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí a chuireann an t-iarratas isteach;

(k) faisnéis faoi straitéis ghnó a bheidh ann amach anseo i ndáil le seirbhísí agus bonneagar TFC a sholáthar d'eintitis airgeadais san Aontas, lena n-áirítear aon athrú atá beartaithe ar an ngrúpa nó ar an struchtúr bainistíochta, ar dhul isteach i margaí nó gníomhaíochtaí nua;

(l) sainaithint fhochonraitheoirí an tsoláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí a ainmníodh mar sholáthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúla;

(m) aon chúis eile atá ábhartha maidir le hiarratas an tsoláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí ar ainmniú mar sholáthraí criticiúil.

2. I gcás inar cuid de ghrúpa é an soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí, soláthrófar an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 i ndáil leis na seirbhísí TFC a sholáthraíonn an grúpa ina iomláine.

Airteagal 2

Ábhar, struchtúr agus formáid na faisnéise atá le cur isteach, le nochtadh nó le tuairisciú ag soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúla

1. Soláthróidh soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúla don Phríomh-Fhormhaoirseoir, arna iarraidh sin dó, aon fhaisnéis is gá don Phríomh-Fhormhaoirseoir chun a dhualgais formhaoirseachta a dhéanamh i gcomhréir le ceanglais Rialachán (AE) 2022/2554.

2. Áirítear an méid seo a leanas *inter alia* san fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1:

(a) faisnéis faoi na socruithe, agus cóipeanna de dhoiciméid chonarthacha, idir:

(i) an soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil agus na heintitis airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 2(1) de Rialachán (AE) 2022/2554;

(ii) an soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil agus a fhochonraitheoirí d'fhonn slabhra luacha teicneolaíoch na seirbhísí TFC a sholáthraítear do na heintitis airgeadais san Aontas a ghabháil;

(b) faisnéis faoi struchtúr eagraíochtúil agus grúpa an tsoláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí chriticiúil, lena n-áirítear sainaithint na n-eintiteas uile ar leis an ngrúpa céanna iad a sholáthraíonn seirbhísí TFC go díreach nó go hindíreach d'eintitis airgeadais san Aontas;

(c) faisnéis faoi na scairshealbhóirí móra, lena n-áirítear a struchtúr agus a raon geografach, faoi aon cheann díobh seo a leanas:

(i) eintitis ag a bhfuil, ina n-aonar nó i gcomhpháirt lena n-eintitis nasctha, 25 % nó níos mó de chaipiteal nó de chearta vótála an tsoláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí chriticiúil;

(ii) eintitis ag a bhfuil an ceart tromlach de chomhaltaí chomhlacht riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta an tsoláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí chriticiúil a cheapadh nó a chur as oifig;

(iii) eintitis a rialaíonn, de bhun comhaontaithe, tromlach chearta vótála na scairshealbhóirí nó na gcomhaltaí sa soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil;

(d) faisnéis faoin sciar den mhargadh atá ag an soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil de réir an chineáil seirbhíse sna margaí ábhartha ina n-oibríonn sé;

(e) faisnéis faoi shocruithe inmheánacha rialachais an tsoláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí chriticiúil, lena n-áirítear an struchtúr ina bhfuil línte freagrachta rialachais agus rialacha cuntasachta;

(f) miontuairiscí cruinnithe chomhlacht bainistíochta an tsoláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí chriticiúil agus aon choiste ábhartha inmheánach eile, a bhaineann ar bhealach ar bith le gníomhaíochtaí agus rioscaí a bhaineann le seirbhísí TFC tríú páirtí lena dtacaítear le feidhmeanna eintiteas airgeadais laistigh den Aontas;

(g) faisnéis faoi shlándáil TFC an tsoláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí chriticiúil, lena n-áirítear straitéisí, cuspóirí, beartais, nósanna imeachta, prótacail, próisis, bearta rialaithe ábhartha chun sonraí íogaire a chosaint, rialuithe rochtana, cleachtais chriptiúcháin, pleananna freagartha do theagmhais, agus faisnéis faoi chomhlíonadh na rialachán ábhartha uile agus na gcaighdeán náisiúnta agus idirnáisiúnta i gcás inarb infheidhme;

(h) faisnéis faoi bhearta teicniúla agus eagraíochtúla chun cosaint sonraí agus rúndacht sonraí a áirithiú, lena n-áirítear sonraí pearsanta agus neamhphearsanta, bearta rialaithe a cuireadh chun feidhme chun sonraí íogaire a chosaint, rochtain a fháil ar rialuithe, cleachtais chriptiúcháin, plean freagartha maidir le sárú sonraí; maidir le próiseáil sonraí pearsanta, nuair a bhíonn an soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí faoi réir dlíthe ó thríú tíortha, lena n-áirítear iarratas ar rochtain ag rialtas tríú tír, liosta de na tíortha agus na dlíthe is infheidhme;

(i) faisnéis faoi na sásraí a thairgeann an soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil d'eintitis airgeadais an Aontais maidir le hiniomparthacht sonraí, iniomparthacht feidhmchlár agus idir-inoibritheacht;

(j) faisnéis faoi shuíomh na lárionad sonraí agus na lárionad táirgthe TFC a úsáidtear chun seirbhísí a sholáthar do na heintitis airgeadais, lena n-áirítear liosta d'áitribh agus de shaoráidí ábhartha uile an tsoláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí chriticiúil, lena n-áirítear lasmuigh den Aontas;

(k) faisnéis faoi sholáthar seirbhísí ag an soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil ó thríú tíortha, lena n-áirítear faisnéis faoi fhorálacha dlíthiúla ábhartha is infheidhme maidir le sonraí pearsanta agus neamhphearsanta arna bpróiseáil ag an soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí;

(l) faisnéis faoi bhearta a rinneadh chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a eascraíonn as soláthar seirbhísí TFC ag an soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil agus ag a bhfochonraitheoirí ó thríú tíortha;

(m) faisnéis faoin gcreat bainistíochta riosca agus faoin gcreat bainistíochta teagmhas, lena n-áirítear beartais, nósanna imeachta, uirlisí, sásraí, agus socruithe rialachais an tsoláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí chriticiúil agus a fhochonraitheoirí, lena n-áirítear liosta de mhórtheagmhais a bhfuil tionchar díreach nó indíreach acu ar eintitis airgeadais laistigh den Aontas agus tuairisc orthu, lena n-áirítear mionsonraí ábhartha chun tábhacht an teagmhais ar eintitis airgeadais a chinneadh agus chun measúnú a dhéanamh ar thionchair thrasteorann a d'fhéadfadh a bheith ann;

(n) faisnéis faoin gcreat bainistíochta athruithe, lena n-áirítear beartais, nósanna imeachta agus rialuithe an tsoláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí chriticiúil agus a fhochonraitheoirí;

(o) faisnéis faoi chreat foriomlán freagartha agus athshlánaithe an tsoláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí chriticiúil, lena n-áirítear pleananna leanúnachais gnó agus socruithe agus nósanna imeachta gaolmhara, beartas maidir le saolré forbartha bogearraí, pleananna freagartha agus athshlánaithe agus socruithe agus nósanna imeachta gaolmhara, socruithe agus nósanna imeachta maidir le beartais chúltaca;

(p) faisnéis faoi fhaireachán feidhmíochta, faireachán slándála, agus rianú teagmhas chomh maith le faisnéis faoi shásraí tuairiscithe a bhaineann le feidhmíocht seirbhíse, teagmhais, agus comhlíonadh comhaontuithe ar leibhéal seirbhíse arna gcomhaontú agus cuspóirí ar leibhéal seirbhíse nó socruithe comhchosúla idir soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúla agus eintitis airgeadais san Aontas;

(q) faisnéis faoi chreat bainistíochta TFC tríú páirtí an tsoláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí chriticiúil, lena n-áirítear straitéisí, beartais, nósanna imeachta, próisis agus rialuithe, lena n-áirítear mionsonraí faoin dícheall cuí agus faoin measúnú riosca a rinne an soláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí criticiúil ar a fhochonraitheoirí sula ndearna sé comhaontú leo agus chun faireachán a dhéanamh ar an gcaidreamh lena gcumhdaítear gach riosca TFC agus contrapháirtí ábhartha;

(r) asbhaintí ó chórais faireacháin agus scanta an tsoláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí chriticiúil agus a fhochonraitheoirí, lena gcumhdaítear faireachán ar líonraí, faireachán ar fhreastalaí, faireachán ar fheidhmchláir, faireachán slándála, scanadh leochaileachta, bainistiú logaí, faireachán feidhmíochta, bainistiú teagmhas agus tomhais de réir spriocanna iontaofachta, ar nós cuspóirí ar leibhéal seirbhíse, ach gan a bheith teoranta dóibh sin;

(s) asbhaintí ó aon chóras nó feidhmchlár táirgthe, réamhtháirgthe agus tástála a úsáideann an soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil agus a fhochonraitheoirí, chun seirbhísí a sholáthar go díreach nó go hindíreach d'eintitis airgeadais san Aontas;

(t) tuarascálacha iniúchóireachta maidir le comhlíonadh agus atá ar fáil chomh maith le haon toradh iniúchóireachta ábhartha, lena n-áirítear iniúchtaí arna ndéanamh ag údaráis náisiúnta san Aontas agus lasmuigh den Aontas i gcás ina ndéantar foráil i gcomhaontuithe comhair leis na húdaráis ábhartha maidir le malartú faisnéise den sórt sin, nó deimhnithe arna mbaint amach ag an soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil nó ag a fhochonraitheoirí, lena n-áirítear tuarascálacha ó iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, deimhnithe, nó measúnuithe comhlíontachta le caighdeáin a bhaineann go sonrach leis an tionscal. Áirítear leis sin faisnéis faoi aon chineál tástála neamhspleáiche atá ar fáil ar athléimneacht chórais TFC an tsoláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí chriticiúil, lena n-áirítear aon chineál tástála treáite bunaithe ar bhagairtí a dhéanann an soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí;

(u) faisnéis faoi aon mheasúnú a rinne an soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil arna iarraidh sin dó nó thar a cheann lena ndéantar meastóireacht ar oiriúnacht agus sláine daoine aonair ag a bhfuil príomhphoist laistigh den soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil;

(v) tá faisnéis faoi aon phlean feabhsúcháin chun aghaidh a thabhairt ar mholtaí de bhun Airteagal 3, agus faisnéis ábhartha ghaolmhar chun a dheimhniú gur cuireadh réitigh chun feidhme;

(w) faisnéis faoi na scéimeanna oiliúna d'fhostaithe atá ar fáil agus faoi chláir feasachta slándála, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, faisnéis faoi infheistíochtaí, acmhainní agus modhanna an tsoláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí chriticiúil chun oiliúint a chur ar a fhoireann chun sonraí airgeadais íogaire a láimhseáil agus chun ardleibhéil slándála a choinneáil ar bun;

(x) faisnéis faoi ghníomhaíochtaí an tsoláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí chriticiúil agus ráitis airgeadais, lena n-áirítear faisnéis faoin mbuiséad agus acmhainní a bhaineann le TFC agus slándáil.

Airteagal 3

Faisnéis ó sholáthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúla tar éis moltaí a eisiúint

1. Soláthróidh an soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil tuarascáil don Phríomh-Fhormhaoirseoir ina mbeidh plean feabhsúcháin i ndáil leis na moltaí agus na réitigh a bhfuil sé beartaithe ag an soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil a chur chun feidhme chun na rioscaí a shainaithnítear sna moltaí dá dtagraítear in Airteagal 35(1), pointe (d) de Rialachán (AE) 2022/2254 a mhaolú. Beidh an tuarascáil comhsheasmhach leis an amlíne arna leagan síos ag an bPríomh-Fhormhaoirseoir maidir le gach moladh.

2. Chun gur féidir faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na mbeart a rinneadh nó na réitigh a chuir an soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil chun feidhme i ndáil leis na moltaí a fuarthas, déanfaidh an soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil an méid seo a leanas a chomhroinnt leis an bPríomh-Fhormhaoirseoir arna iarraidh sin dó:

(a) tuarascálacha eatramhacha ar dhul chun cinn agus doiciméid tacaíochta ghaolmhara ina sonraítear an dul chun cinn maidir le cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí agus na mbeart a leagtar amach sa tuarascáil arna soláthar ag an soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil don Phríomh-Fhormhaoirseoir laistigh den amlíne arna sainiú ag an bPríomh-Fhormhaoirseoir;

(b) tuarascálacha críochnaitheacha agus doiciméid tacaíochta ghaolmhara ina sonraítear na bearta a rinneadh nó na réitigh a chuir an soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil chun feidhme chun na rioscaí a shainaithnítear sna moltaí a fuarthas a mhaolú.

Airteagal 4

Struchtúr agus formáid na faisnéise arna soláthar ag soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúla

1. Soláthróidh an soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil an fhaisnéis iarrtha don Phríomh-Fhormhaoirseoir trí na bealaí leictreonacha slána tiomnaithe arna gcur in iúl ag an bPríomh-Fhormhaoirseoir ina iarraidh agus san fhoirm a leagfaidh an Príomh-Fhormhaoirseoir amach.

2. Agus faisnéis á soláthar don Phríomh-Fhormhaoirseoir, déanfaidh na soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúla an méid seo a leanas:

(a) an struchtúr arna léiriú ag an bPríomh-Fhormhaoirseoir ina iarraidh ar fhaisnéis a leanúint;

(b) an píosa faisnéise ábhartha a aimsiú go soiléir sna doiciméid a cuireadh isteach.

3. Faisnéis a chuirfidh an soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil isteach, a nochtfaidh sé nó a thuairisceoidh sé don Phríomh-Fhormhaoirseoir, beidh sí i dteanga is gnách a úsáid i réimse an airgeadais idirnáisiúnta.

Airteagal 5

Teimpléad chun faisnéis a sholáthar maidir le socruithe fochonraitheoireachta

Déanfaidh soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil a gceanglaítear air faisnéis a roinnt maidir le socruithe fochonraitheoireachta an fhaisnéis a sholáthar don Phríomh-Fhormhaoirseoir de réir an teimpléid a leagtar amach san Iarscríbhinn.

Airteagal 6

Measúnú na n-údarás inniúil ar na rioscaí a dtugtar aghaidh orthu i moltaí an Phríomh-Fhormhaoirseora

1. Mar chuid dá maoirseacht ar eintitis airgeadais, déanfaidh an t-údarás inniúil measúnú ar thionchar na mbeart arna ndéanamh ag an soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil ar na heintitis airgeadais bunaithe ar mholtaí an Phríomh-Fhormhaoirseora i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta.

2. Agus an measúnú dá dtagraítear i mír 1 á dhéanamh aige, cuirfidh an t-údarás inniúil na nithe uile seo a leanas san áireamh:

(a) leordhóthanacht agus comhleanúnachas na mbeart ceartaitheach agus feabhais arna gcur chun feidhme ag na heintitis airgeadais chun na rioscaí a shainaithnítear sna moltaí a mhaolú;

(b) an measúnú a rinne an Príomh-Fhormhaoirseoir ar chomhlíontacht an tsoláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí chriticiúil leis na bearta agus na gníomhaíochtaí a áirítear sa tuarascáil i gcás ina mbeidh tionchar aige ar neamhchosaint na n-eintiteas airgeadais atá faoina shainchúram ar na rioscaí a shainaithnítear sna moltaí;

(c) tuairim aon údaráis inniúil eile a ndeachthas i gcomhairle leo i gcomhréir le hAirteagal 42(5) de Rialachán (AE) 2022/2554;

(d) cé acu a mheas nó nár mheas an Príomh-Fhormhaoirseoir gur leormhaith na gníomhaíochtaí agus na réitigh a chuir an soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil chun feidhme chun neamhchosaint na n-eintiteas airgeadais atá faoina shainchúram ar na rioscaí a shainaithnítear sna moltaí a mhaolú.

3. Arna iarraidh sin don Phríomh-Fhormhaoirseoir, cuirfidh an t-údarás inniúil torthaí an mheasúnaithe a leagtar amach i mír 1 ar fáil in am réasúnach. Agus torthaí an mheasúnaithe sin á n-iarraidh aige, déanfaidh an Príomh-Fhormhaoirseoir prionsabal na comhréireachta agus méid na rioscaí a bhaineann leis na moltaí a mheas, lena n-áirítear tionchair thrasteorann na rioscaí sin nuair a bhíonn tionchar acu ar eintitis airgeadais a oibríonn i níos mó ná Ballstát amháin.

4. I gcás inarb ábhartha, iarrfaidh an t-údarás inniúil ar eintitis airgeadais aon fhaisnéis is gá a sholáthar chun an measúnú dá dtagraítear i mír 1 a dhéanamh.

Airteagal 7

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán sin i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán sin ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Deireadh Fómhair 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

TEIMPLÉAD CHUN FAISNÉIS A ROINNT MAIDIR LE SOCRUITHE FOCHONRAITHEOIREACHTA

Catagóir Faisnéise	Príomh-Eilimintí Faisnéise
Faisnéis Ghinearálta	— Ainm an tsoláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí chriticiúil. — Cód aitheantais an tsoláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí chriticiúil. — Ainm an teagmhálaí agus sonraí teagmhála an tsoláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí chriticiúil. — An dáta a cuireadh an teimpléad isteach.
Forbhreathnú ar Shocruithe Fochonraitheoireachta	— Mapáil na socruithe fochonraitheoireachta, lena n-áirítear tuairisc ghearr ar chuspóir agus ar raon feidhme na gcaidreamh fochonraitheoireachta (lena n-áirítear léiriú ar leibhéal criticiúlachta nó tábhachta na socruithe fochonraitheoireachta don soláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí criticiúil). — Sonrú agus tuairisc ar na cineálacha seirbhísí TFC a chuirtear ar fochonradh agus a dtábhacht do na seirbhísí TFC a sholáthraítear d'eintitis airgeadais, i gcomhréir leis na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme arna nglacadh de bhun Airteagal 28(9) de Rialachán (AE) 2022/2554. — Agus na cineálacha seirbhísí TFC á sonrú, féach an liosta in Iarscríbhinn IV de na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme arna nglacadh de bhun Airteagal 28(9) de Rialachán (AE) 2022/2554.
Faisnéis na bhfochonraitheoirí	— Ainm agus mionsonraí eintitis dhlíthiúil (lena n-áirítear cód aitheantais) gach fochonraitheora. — Faisnéis teagmhála na mball foirne atá freagrach as gach ceann de na caidrimh fochonraitheoireachta i struchtúr bainistíochta soláthraithe TFC tríú páirtí criticiúla. — Forbhreathnú le haghaidh gach fochonraitheora ar an saineolas, an taithí agus na cáilíochtaí a bhaineann leis na seirbhísí TFC ar conradh.
Tuairisc ar Sheirbhísí a Chuireann Fochonraitheoirí ar fáil	— Tuairisc mhionsonraithe ar na seirbhísí TFC sonracha arna soláthar ag gach fochonraitheoir. — Miondealú ar na freagrachtaí agus na cúraimí a leithdháiltear ar fhochonraitheoirí trí mhionsonrú a dhéanamh ar na róil éagsúla ag céimeanna éagsúla na bpróiseas TFC. — Faisnéis maidir leis an leibhéal rochtana atá ag fochonraitheoirí ar shonraí nó ar chórais atá pearsanta nó íogair ar shlí eile maidir leis na seirbhísí TFC a sholáthraítear d'eintitis airgeadais. — Faisnéis faoi na láithreáin óna soláthraítear seirbhísí fochonraitheoirí agus faoi na bearta a rinneadh chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a eascraíonn as seirbhísí a sholáthraítear lasmuigh den Aontas.
Rialachas agus Formhaoirseacht ar Fochonradh	— Tuairisc ar an gcreat conarthach agus rialachais atá i bhfeidhm chun caidrimh fochonraitheoireachta a bhainistiú, lena n-áirítear clásail lena gcuirtear srian ar úsáid sonraí íogaire. — Míniú ar na próisis chun fochonraitheoirí a roghnú, a fhostú agus faireachán a dhéanamh orthu. — Forbhreathnú ar mhéadracht feidhmíochta, cuspóirí agus comhaontuithe ar leibhéal seirbhíse, agus príomhtháscairí feidhmíochta a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar fhaireachán feidhmíochta agus iontaofachta an fhochonraitheora.
Bainistíocht Riosca agus Comhlíonadh	— Measúnú ar phróifílí riosca an fhochonraitheora agus an tionchar féideartha ar na seirbhísí TFC a sholáthraítear d'eintitis airgeadais. — Míniú ar na bearta maolaithe riosca arna gcur chun feidhme chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a bhaineann le fochonraitheoireacht. — Sonraí maidir le comhlíonadh na rialachán ábhartha ag an bhfochonraitheoir, lena n-áirítear maidir le cosaint sonraí agus caighdeáin tionscail.

Catagóir Faisnéise	Príomh-Eilimintí Faisnéise
Leanúnachas Gnó agus Pleanáil Theagmhasach	— Forbhreathnú ar phleananna leanúnachais gnó agus freagartha agus athshlánaithe an fhochonraitheora. — Tuairisc ar na socruithe atá i bhfeidhm chun leanúnachas seirbhíse a áirithiú i gcás ina gcuireann an fochonraitheoir isteach ar an tseirbhís nó i gcás ina ndéanann sé í a fhoirceannadh. — Minicíocht tástálacha na bpleananna leanúnachais gnó agus na bpleananna freagartha agus athshlánaithe ag na fochonraitheoirí, dátaí na dtástálacha is déanaí le 3 bliana anuas, agus sonrú an raibh baint ag an soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil leis na tástálacha sin.
Tuairisciú	— Tuairisc ar na sásraí tuairiscithe agus ar mhinicíocht an tuairiscithe idir an soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil agus a fhochonraitheoirí.
Réiteach agus Bainistiú Teagmhas	— Achoimre ar na nósanna imeachta chun aghaidh a thabhairt ar theagmhais, sáruithe nó neamhchomhlíonadh a bhaineann leis an bhfochonraitheoir.
Deimhniúcháin agus Iniúchtaí	— Faisnéis maidir le haon deimhniú, iniúchadh neamhspleách nó measúnú a dhéantar ar fhochonraitheoirí chun a rialuithe slándála, a gcaighdeáin cháilíochta nó a gcomhlíonadh rialála a bhailíochtú. — Dáta agus minicíocht na n-iniúchtaí a rinne an soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil ar na fochonraitheoirí.